



An Bhruiséil, 8 Samhain 2019
(OR. en)

13792/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0070(COD)**

**PROCIV 88
JAI 1150
COHAFA 89
FIN 719
CODEC 1579
CADREFIN 361**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó: An Uachtaránacht

chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Uimh. an doic. 10756/2/19 REV 2

roimhe seo:

Uimh. an doic. ón 7271/19

gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta

- Cur chuige ginearálta páirteach

1. Ar an 7 Márta 2019, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.
2. Idir mí an Mhárta agus mí Dheireadh Fómhair 2019, phléigh an Mheitheal um Chosaint Shibhialta an togra agus roinnt téacsanna comhréitigh a chuir Uachtaránachtaí na Rómáine agus na Fionlainne isteach. Mar thoradh ar an bplé sin, cuireadh roinnt modhnuithe isteach sa téacs.

3. Tá an togra chun an Cinneadh maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a leasú ar cheann de na tograí earnálacha a rinneadh i gcomhthéacs ullmhúchán an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Ní shocrófar na méideanna tagartha nó go gcuirtear clabhsúr ar an gcaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (2021-2027).
Tá na forálacha seo a leanas - aithris 8c, aithris 8d agus Airteagal 1(2)(d) - idir lúbíní de léiriú ar intinn na Comhairle comhsheasmhacht na bhforálacha sin ar fud na reachtaíochta earnálaí éagsúla CAI, i gcomhréir le doiciméad 5146/1/19 REV 1, a ráthú.
4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ar an 19 Meitheamh 2019¹.
5. Moltar do COREPER a iarraidh ar an gComhairle an téacs comhréitigh mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a chomhaontú, a bheidh ina shainordú páirteach ansin don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa mar chuid den ghnáthnós imeachta in Airteagal 294 CFAE.

¹ IO C 282, 20.8.2019, lch. 49.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra Eorpach um Chosaint Shibhialta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 196 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

[...]³[...]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

² IO L **282**, **20.8.2019**, lch. **49**.

³ [...]

De bharr an méid seo a leanas:

(1) [...] Leasaíodh Cinneadh Uimh.1313/2013/AE[...] ⁴ le **Cinneadh (AE) 2019/420⁵ lenar neartaíodh inter alia freagairt chomhchoiteann an Aontais ar thubaistí nádúrtha agus de dhéantús an duine trí chúltaca acmhainneachtaí darb ainm 'rescEU' a bhunú, lenar treisíodh Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta, a athainmníodh, agus lenar feabhsaíodh cosc agus ullmhacht tubaistí. Ba cheart an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a neartú a thuilleadh.**

(2) [...]

(2a) D'fhéadfadh an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta úsáid a bhaint as bonneagair Aontais amhail Galileo. Is é Galileo an chéad bhonneagar domhanda loingseoireachta agus suite satailíte a dearadh go sonrach chun críocha sibhialta san Eoraip agus ar fud an domhain, agus féadtar é a úsáid i réimsí eile amhail bainistiú éigeandála, lena n-áirítear gníomhaíochtaí luathrabhaidh. Ar sheirbhísí Galileo, áireofar seirbhís éigeandála, a chraolann rabhaidh trí chomharthaí a chur as, maidir le tubaistí nádúrtha nó éigeandálaí eile i réimsí áirithe. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an tseirbhís sin a úsáid. I gcás ina gcinneann siad an tseirbhís a úsáid, d'fhonn an córas a bhailíochtú, ba cheart dóibh na húdaráis náisiúnta atá údaraithe an tseirbhís éigeandála sin a úsáid a shainaitheint agus a chur in iúl don Choimisiún.

⁴ Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

⁵ Cinneadh (AE) 2019/420 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2019 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 77, 20.3.2019, lch.1).

- (3) [...] **Ní mór don Aontas** a bheith in ann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta agus chun na costais bhreise ar toradh iad ar dheontais oiriúnúcháin agus ar oibríocht na n-acmhainneachtaí a chuirtear i leataobh don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta, chun na costais sin a chumhdach.

(3a) D'fhonn tacú le Ballstáit an cúnamh a chur ar fáil, ba cheart an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta a neartú a thuilleadh trí chostais oibriúcháin na n-acmhainneachtaí tiomanta a chómhaoiniú i gcás ina n-imscartar lasmuigh den Aontas é.

- (4) Tá gá le leithreasaí airgeadais leordhóthanacha chun acmhainneachtaí rescEU a bhunú, a chur in úsáid agus a oibriú, **acmhainneachtaí a shainítear faoi ghníomhartha cur chun feidhme.**
- (5) Leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1313/2013/AE imchlúdach airgeadais don Sásra Aontais arb ionann é agus an phríomh-mhéid tagartha atá beartaithe chun an caiteachas ar an gelár a chumhdach go dtí deireadh na tréimhse buiséadaí 2014-2020.
- (6) [...] **Ba cheart** an t-imchlúdach airgeadais [...] **sin** a uasdátú [...] [...] **ó dháta infheidhmeachta** [...] **an Rialacháin ón gComhairle lena leagtar síos an** creat airgeadais ilbhliantúil **do na blianta 2021 go 2027⁶** **leis na figiúirí nua a chuirtear ar fáil ann.**
- (7) [...]
- (8) Níl **na céatadáin don oiriúnú le haghaidh leithdháileadh na n-imchlúdach a leagtar síos in** Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE solúbtha a ndóthain le go mbeadh an tAontas in ann infheistíochtaí i gcosc, ullmhachta agus freagairt a choigeartú go cuí. [...] **Ba cheart** na leibhéil infheistíochta atá le leithdháileadh ar chéimeanna éagsúla na timthrialla bainistithe riosca tubaiste a chinneadh roimh ré. **Fágann an easpa solúbthachta sin** nach mbíonn an tAontas in ann freagairt chuí a thabhairt ar thubaistí, ar dá ndamhna nach féidir iad a thuar [...]. **Ba cheart don Choimisiún leithdháileadh suntasach cistí do ghníomhaíochtaí maidir le cosc agus ullmhacht a áirithiú d'fhonn infheistíochtaí leanúnacha agus inbhuanaitheacht fadtéarmach a ráthú sna réimsí sin den timthriall bainistithe tubaiste.**

⁶ [...]

(8a) Tuarascálacha ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme bhuiséad an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an "Rialachán Airgeadais")⁷.

(8b) D'fhonn intuarthacht agus éifeachtacht fhadtéarmach a chur chun cinn, agus Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE á chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla a ghlacadh ina léirítear na leithdháiltí beartaithe. De bhreis air sin, ba cheart na leithdháiltí tuartha a thíolacadh agus a phlé ar bhonn bliantúil sa choiste a chabhraíonn leis an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

⁷ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO. L 193, 30.7.2018, lch. 1).

[(8c) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an "Rialachán Airgeadais") agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95⁹, (Euratom, CE) Uimh. 2185/96¹⁰ agus (AE) 2017/1939 ón gComhairle¹¹, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí, an chalaois san áireamh, a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart, a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) cionta in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, mar a fhoráiltear dó i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹².

-
- ⁸ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1)
- ⁹ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1).
- ¹⁰ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).
- ¹¹ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).
- ¹² Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF agus do OIPE i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939 agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), agus a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Ar an ábhar sin, ba cheart forálacha a bheith sna comhaontuithe le tríú tíortha agus críocha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, agus in aon chonradh nó comhaontú a thiocthaidh as an gCinneadh seo a chur chun feidhme, ar forálacha iad lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Choimisiún, do CIE agus do OLAF iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach agus lena n-áiritheofar go ndéanfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme dheontais chistiúcháin an Aontais cearta coibhéiseacha a thabhairt.

(8d) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith rannpháirteach i gclár de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch¹³, ina ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme na gclár le cinneadh faoin gComhaontú sin. Is ceadmhach do thríú tíortha a bheith rannpháirteach freisin ar bhonn ionstraimí dlí eile. Ba cheart foráil shonrach a thabhairt isteach sa Chinneadh seo chun na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus do CIE, chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú ar dhóigh chuimsitheach.]

(9) [...]

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) Uimh. 1313/2013/AE a leasú dá réir,

¹³ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE mar a leanas:

(-1) In Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"10. I gcás in gcuireann Galileo an tseirbhís éigeandála ar fáil, féadfaidh gach Ballstát a chinneadh í a úsáid.

I gcás ina gcinneann Ballstát an tseirbhís éigeandála dá dtagraítear sa chéad fho-mhír a úsáid, déanfaidh sé na húdaráis náisiúnta atá údaraithe an tseirbhís éigeandála sin a úsáid a shainaithint agus a chur in iúl don Choimisiún."

(1) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) [...] cuirtear **an mhír seo a leanas isteach:**

"1a. Is é [EUR 1 400 000 000 i bpraghsanna reatha] a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an tSásra Aontais don tréimhse 2021 go 2027".

(b) scriostar mír 2.

(c) leasaítear mír 4 mar a leanas:

"4. Leithdháilfear an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 ar feadh na tréimhse 20121-2027 chun gníomhaíochtaí a chumhdach maidir le tubaistí nádúrtha agus de dhéantús an duine a chosc, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh."

[...] **(d)** scriostar míreanna [...] 5 agus 6.

(2) Cuirtear **an méid seo a leanas in ionad** Airteagal 20a¹⁴:

(a)[...]

Airteagal 20a

Infheictheacht agus gradaim

"1. Tabharfaidh faighteoirí cistiúcháin ón Aontas aitheantas d'fhoinsé an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú) trí fhaisnéis spriocdhírithé atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. I gcás aon chúnamh nó aon chistiú a chuirtear ar fáil faoin gCinneadh seo, tabharfar infheictheacht iomchuí don Aontas, lena n-áirítear tosaíocht do shuaitheantas an Aontais i gcás na n-acmhainneachtaí sin dá dtagraítear in Airteagal 11, in Airteagal 12 agus i bpointe (c) d'Airteagal 21(2).

2. **Forbróidh an Coimisiún straitéis cumarsáide chun go mbeidh saoránaigh in ann torthaí nithiúla na ngníomhaíochtaí a rinneadh faoin Sásra Aontais a fheiceáil.**

Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gCinneadh seo, lena gníomhaíochtaí agus lena torthaí. Na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gCinneadh seo, beidh siad ina gcuidiú i dtaobh cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1).

[...]

¹⁴ [...]

3. Bronnfaidh an Coimisiún boinn chun gealltanais sheanbhunaithe agus rannchuidiú urghnách le cosaint shibhialta an Aontais a aithint agus a urramú."

(2a) is mír nua í an ceathrú fomhír d'Airteagal 21(3) agus leasaítear í mar a leanas:

"3a. Féadfar an cúnamh airgeadais dá dtagraítear san airteagal seo a chur chun feidhme trí chláir oibre ilbhliantúla. I gcás gníomhaíochtaí a mhaireann níos faide ná bliain amháin, féadfar na leithreasuithe buiséadacha a mhiondealú i dtráthchodanna bliantúla."

(2b) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Ní bheidh méid an chúnaimh airgeadais ón Aontas i gcomhair acmhainneachtaí atá réamhgheallta don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta os cionn 75 % de na costais a bhaineann leis na hacmhainneachtaí a oibriú, lena n-áirítear iompar, i gcás tubaiste nó i gcás tubaiste atá ar tí tarlú laistigh nó lasmuigh den Aontas."

(b) scriostar mír 3.

(2c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

"Airteagal 25

Cineálacha idirghabhála airgeadais agus nósanna imeachta cur chun feidhme

- 1. Déanfaidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.**
- 2. Féadfaidh cúnamh airgeadais faoin gCinneadh a bheith in aon fhoirm díobh siúd a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais (AE, Euratom) 2018/1046, deontais, soláthar nó ranníocaíochtaí le cistí iontaobhais go háirithe.**

3. D'fhonn an Cinneadh seo a chur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla, trí mheán gníomhartha cur chun feidhme, ach amháin gníomhaíochtaí a thagann faoin bhfreagairt tubaiste i gCaibidil IV, nach féidir foráil a dhéanamh ina leith roimh ré. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33(2). Leagfar amach sna cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla na cuspóirí arna saothrú, na torthaí a bhfuil súil leo, an modh cur chun feidhme agus an tsuim iomlán. Beidh iontu freisin tuairisc ar ghníomhaíochtaí atá le maoiniú, meastachán ar an méid atá le leithdháileadh ar gach gníomhaíocht, agus tráthchlár táscach maidir le cur chun feidhme. I dtaca leis an gcúnamh airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 28(2), tabharfar tuairisc sna cláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla ar na gníomhaíochta atá beartaithe do na tíortha dá dtagraítear iontu.
4. Chun críocha trédhearcachta agus intuarthachta, déanfar an forfheidhmiú buiséadach agus leithdháiltí tuartha amach anseo a thíolacadh agus a phlé ar bhonn bliantúil sa Choiste dá dtagraítear in Airteagal 33. Coinneofar Parlaimint na hEorpa ar an eolas."

(2d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

["Airteagal 27

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sa Sásra de thoradh cinneadh faoi chomhaontú idirnáisiúnta nó de bhua aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus do CIE chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú ar dhóigh chuimsitheach. I gcás OLAF, áireofar i measc na gceart sin an ceart chun imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí, mar a fhoráiltear dó i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013."]

(3) Leasaítear Airteagal 30¹⁵ mar a leanas:

- (a) scriostar mír 2;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 21(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an Chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana".

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 21(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle".

(4) Scriostar Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta an teacht i bhfeidhm. De mhaolú air sin, beidh feidhm ag [...]

Airteagal 1(-1) **agus pointí (a) agus (c) d'Airteagal 1(1)** den Chinneadh seo ón 1 Eanáir 2021.

¹⁵ [...]

Airteagal 3[...]

[...]

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
